Statkraft

Gort Luachra

Feirm Ghaoithe

Leabhrán an Tionscadail

R3 2024



Gort Luachra Feirm Ghaoithe

Statkraft

Go raibh maith agat as do rannpháirtíocht

Tá an-tionchar ag tuiscint ar an gceantar áitiúil, ar a mhuintir, a thimpeallacht, agus a stair ar an dóigh a dtugaimid aghaidh ar dhearadh, forbairt agus feidhmiú tionscadal fuinnimh in-athnuaite.

Tá gach iarracht déanta ag Foireann thiomnaithe Idirchaidrimh Pobail an tionscadail seo le cúpla mí anuas cuairt a thabhairt ar theaghlaigh sa cheantar agus labhairt leo agus ba mhaith linn, ar an gcéad dul síos, buíochas a ghabháil leis an bpobal as a bhfoighne agus aiseolas go dtí seo.

Tá ár bhfoireann tar éis tuiscint níos doimhne a fhorbairt den cheantar áitiúil,a bhfuil meas againn air níos mó agus níos mó mar cheantar a bhfuil tábhacht stairiúil agus chultúrtha ag baint leis. Bhí sé de phribhléid againn taithí a fháil ar an iliomad suíomh seandálaíochta agus an stairsheanchas saibhir, agus tá súil againn gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun iad a cheiliúradh agus a chaomhnú amach anseo.

During our time speaking with residents, we also gained a greater understanding of the local community's main areas of inquiry in relation to the proposed development – these are detailed below.

Le linn ár gcuid ama ag labhairt le cónaitheoirí, fuaireamar tuiscint níos fearr freisin ar phríomhréimsí fiosrúcháin an phobail áitiúil maidir leis an bhforbairt atá beartaithe – tá mionsonraí orthu seo thíos. Tá an dara babhta comhairliúcháin ar bun againn faoi láthair agus beimid ar fáil go leanúnach chun bualadh le cónaitheoirí agus an tionscadal a phlé, agus go deimhin, aon mholtaí breise a d'fhéadfadh a bheith agat.

Scanáil an Cód QR le do thoil chun ríomhphoist faoi nuashonruithe an tionscadail a fháil ónár bhfoireann tionscadail maidir leis an togra seo, an togra bealach seachadta tuirbín agus an t-iarratas eangaí agus fostáisiúin ina dhiaidh sin. De rogha air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár CLO ag baint úsáide as na sonraí ar chúl an leabhráin seo.

Réimsí spéise

Seo thíos roinnt de na príomhréimsí a pléadh le linn an chéid bhabhta de chomhairliúchán pobail:

Nasc eangaí / fostáisiún

Cuirfear an t-iarratas ar an bhfostáisiún agus ar an mbealach eangaí isteach mar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS) ar leith chuig an mBord Pleanála agus cuirfear iarratas pleanála ar an bhfeirm ghaoithe agus an bealach seachadta tuirbín faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí. Cuirfear tús leis na measúnaithe ar an dá rogha bealaí eangaí féideartha go luath i 2025.

Bealach seachadta tuirbín

Bunaithe ar aiseolas ón bpobal, cuirtear an bealach táscach seachadta tuirbín ar fáil sa bhróisiúr seo (féach leathanach 7) ach tá sé faoi réir iarratas pleanála ar leith.

Bithéagsúlacht agus bainistíocht gnáthóige

Táimid fós ag lorg aiseolais ón bpobal áitiúil maidir le cad ba mhaith leo go gcuirfí i bhfeidhm ina gceantar chun fiadhúlra agus gnáthóga áitiúla a chosaint. Faoi láthair, tá talamh leithdháilte againn laistigh den tionscadal chun éiceolaíocht reatha an láithreáin a neartú. Tá Foireann Inbhuanaitheachta thiomnaithe againn ag Statkraft Ireland a bheadh an-bhuíoch as ionchur áitiúil maidir le haon tionscnaimh a bheadh ar siúl in éineacht le forbairt na feirme gaoithe. Cuirfear Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta isteach mar aon leis an iarratas pleanála ar fheirm ghaoithe – leagfaidh sé seo amach na bearta a chuirfidh ár bhfoireann tógála agus oibríochtaí i bhfeidhm chun an fiadhúlra i gceantar an tionscadail a chosaint agus a athbhunú.

Buntáistí duit féin agus do do phobal

Beidh Ciste Sochair Pobail ag gabháil leis an tionscadal seo de thart ar €237,000 measta in aghaidh na bliana go ceann 15 bliana. Is sibhse – an pobal, a bheidh lánfhreagrach as an tionchar a bheidh aige seo ar thodhchaí bhur gceantair a chinneadh. Is tusa a chinnfidh conas a chaithfear na cistí seo.

Is é bunphrionsabal na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ná go bhféachfaimid chuige oibriú le daoine áitiúla chun inbhuanaitheacht fheabhsaithe a sheachadadh chuig teaghlaigh agus na pobail áitiúla níos leithne. Tabharfaidh Statkraft tacaíocht chun coiste stiúrtha a chruthú a chinntíonn go socraíonn an pobal féin conas an maoiniú a úsáid chun tionscadail a sheachadadh a bhfuil buntáistí buana eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ag baint leo agus tacú leis na tionscadail sin. Seo thíos roinnt smaointe a d'fhéadfaí a thabhairt isteach nó tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh, chomh maith le tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo ag láithreacha tionscadail eile.

- Scéimeanna tithíochta iarfheistithe
- Scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh
- Tacaíochtaí oideachais agus cúram leanaí
  Maoiniú le haghaidh tionscnaimh oidhreachta áitiúla
- Spásanna pobail do mhuintir na háite chun teacht le chéile agus a bheith cruthaitheach
- Tionscnaimh bhithéagsúlachta

Beidh íocaíochtaí Garchóngais ar fáil freisin má chuirtear an tionscadal i gcrích. Nuair a cheannaigh Statkraft an tionscadal ó Empower Renewables, bhí roinnt comhaontuithe i bhfeidhm cheana féin – comhaontuithe a bhfuil sé i gceist againn seasamh leo.

Áiríodh leis seo gealltanas de €500 in aghaidh an teaghlaigh in aghaidh na bliana le haghaidh tithe laistigh de 1-2km den tionscadal, agus faoi threoirlínte reatha na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite, faigheann teaghlaigh laistigh de 1km €1,000 in aghaidh na bliana ar feadh 15 bliana.

Sracfhéachaint ar bhuntáistí an tionscadail

- **Ciste Sochair Pobail Iomlán de thuairim is €3.5 milliún thar thréimhse 15 bliana, ag brath ar an earadh deiridh**
- **Beidh baint ag íocaíochtaí Garchóngais leis an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite**
- **Feabhsuithe caitheamh aimsire, pobail agus bithéagsúlachta a bhaineann leis an bhforbairt**
- **Íocaíochtaí rátaí bliantúla le Comhairle Contae Chorcaí de níos mó ná €15.4 milliún thar shaolré an tionscadail**
- **Fad ón tuirbín is cóngaraí os cionn 700m**


N
Gortloughra Wind Farm
DOONEENS (ED BEALANAGEARY)
DERRYRIORDANE NORTH
CULLENAGH
DERRYRIORDANE SOUTH
CORNERY
Douce Mountain 476 m
L8776
CLOGHBOOLA
INCHIROE
T01
T02
Shehy More 545.6 m
T04
GORTLAUGHRA
T03
SHEHY BEG
T09
Shehy More SW Top 446.0 m
T07
T08
COOMCLOGH
SHANACR WEST
BALLYNAHOUGHT
COUSANE
GLANYCARNEY
R585


Legend
Potential turbines
Buffer 1 km
Buffer 2 km
Substation
Construction compound
Proposed haul route
Mount Prospect
MONEYLEA
TOOREENALOUR
Shehymore Wind Farm
Lough Beg
Knockrour
SHEHY MORE
COOLCAUM
Carrigmount
TULLAGH
T06
COOLMOUNTAIN
TOOREEN
MONEYREAGUE
SHANACRANE EAST
R585
DERRAGH
KEENRATH
INCHIREAGH
0
0.5
1
2
Km
Map data © OpenStreetMap contributors, Microsoft, Facebook, Inc. and its affiliates, Esri Community Maps contributors, Map layer by Esri

Fótamontáisí

Shanacrane West

Cousane

Derragh

Beidh sraith iomlán íomhánna mar aon le léarscáileanna mionsonraithe ar fáil le féachaint orthu ar an seomra comhairliúcháin fíorúil tiomnaithe.

Bealach seachadta tuirbín molta



Faisnéis tionscadail

- Tionscadal 8 dtuirbín
- Airde tuirbín 175m
- 48MW d'fhuinneamh in-athnuaithe d'eangach leictreachais na hÉireann
- Cábla faoi thalamh chun an fostáisiún ar an láthair a nascadh,le fostáisiún lasmuigh den láthair, ag an gCarraig Dhaingean nó ag Dún Mánmhaí
- Cuimseoidh oibreacha gaolmhara cosáin rochtana, bunsraitheanna tuirbín agus limistéir chrua, oibreacha draenála, campún láithreáin sealadach, seirbhísí córais eangaí, fostáisiún, cáblaí leictreachais agus cumarsáide faoi thalamh idir tuirbíní agus cábla faoi thalamh chun an tionscadal atá beartaithe a nascadh le fostáisiún áitiúil
- Beartas um chaochaíl scáileanna nialasach

Amlíne Tionscadail

Bealtaine 2021

An chéad bhabhta den chomhairliúchán arna chur ar bun ag Empower Renewables

Samhain 2023

Laghdaíodh líon na dtuirbíní molta ó 9 go 8

Eanáir 2024

Feirm ghaoithe bheartaithe faighte ag Statkraft

Aibreán 2024

An chéad bhabhta de chomhairliúchán pobail curtha ar bun ag Statkraft

R2 2024

An dara babhta de chomhairliúchán pobail

R2 2024

Iarratas pleanála le chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí

R2 2025

Tá measúnaithe ar bhealach féideartha eangaí agus bealach seachadta tuirbín le tosú

R2 2025

Fostáisún agus bealach eangaí a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála

Na chéad chéimeanna eile

Cuirfear an tionscadal seo isteach i dtrí iarratas pleanála. Cuirfear iarratas pleanála d'Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra isteach níos déanaí i mbliana. Toisc go bhfuil an tionscadal á chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí, beidh na doiciméid phleanála ar fáil le féachaint orthu ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag https://www.corkcoco.ie/en. Cuirfear iarratas pleanála ar leith don bhealach seachadta tuirbín faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí i 2025.

Cuirfear iarratas pleanála breise d'fhostáisiún na Feirme Gaoithe agus don nascadh eangaí faoi bhráid an Bhoird Phleanála i 2025.

Ár ndualgais agus ár bhfreagrachtaí

Le linnan chomhairliúcháin, nílimid ag lorg tacaíochta don togra. An cuspóir atá againn ná eolas a chur ar fáil chun cur ar do chumas teacht ar do thuairim thomhaiste féin, bunaithe ar eolas cruinn, ar cad atá le tairiscint ag an togra seo. De réir mar a fhorbrófar an próiseas seo, leanfaimid ag obair leat chun a chinntiú go gcuirfidh an fheirm ghaoithe seo gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar fáil agus go mbeidh tairbhe ann don cheantar áitiúil freisin.

Le tuilleamh eolais a fháil, tabhair cuairt ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas

www.windenergyireland.com Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI)	**www.epa.ie** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
www.seai.ie Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	**www.gsi.ie** Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
www.un.org/climatechange Suíomh Gréasáin na Náisiún Aon-aithe ar an Athrú Aeráide	**www.npws.ie** An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
www.climatecouncil.ie Comhairle Chomhairleach na hÉireann um Athrú Aeráide	**www.corkcoco.ie** Comhairle Contae Chorcaí
www.localenterprise.ie/green Oifig Fiontair Áitiúil	

Labhair lenár nOifigeach Idirchaidrimh don Phobal

Is í Eva Hill an tOifigeach Idirchaidrimh don Phobal don tionscadal seo. Tugann foireann thiomanta tacaíocht di, foireann a bhfuil taithí na mblianta acu ar fhuinneamh gaoithe agus ar fhorbairt pobail. Tá an fhoireann ar fáil chun eolas a roinnt faoin togra seo nó faoi na ceisteanna móra a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Mholfaimis dóibh siúd a bhfuil suim acu sa togra seo nó i bhforbairt timpeallachta, cultúir nó fóillíochta i gcoitinne teagmháil a dhéanamh linn ag baint úsáid as na sonraí teagmhála thíos.

■ Suíomh Gréasáin Tiomnaithe

Tá suíomh gréasáin ar leith ann don tionscadal (**www.gortloughrawindfarm.ie**) agus is anseo a phostálfar an t-eolas is déanaí maidir leis an tionscadal. Is feidir leat d'aiseolas maidir leis an tionscadal a roinnt ar an suíomh gréasáin freisin.

Má tá ceist ar bith eile agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal ag baint úsáid as na sonraí teagmhála atá thíos.

Polasaí Príobháideachais

Anseo ag Statkraft, táimid an-dáiríre faoi do phríobháideachas agus caithimid go measúil le do chuid eolais. Bailítear sonraí comhairliúcháin agus baile laistigh den staidéar chun córais um bainstiú sábháilteacht timpeallachta a éascú agus measúnú agus forbairt oiriúnach a chinntiú. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Statkraft sonraí pearsanta féach ar ár bpolasaí príobháideachais ginearálta ag **https://www.statkraft.ie/privacy-statement/** - nó is féidir leat ceisteanna sonracha ar bith a chur chuig **privacy@statkraft.com**

■ Déan Teagmháil Linn

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Eva Hill

R-phost: enquiries@gortloughrawindfarm.ie
Teil: 021 203 2058
www.gortloughrawindfarm.ie

Statkraft